Comhairle Chontae na Gaillimhe

# Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe

MC – Tuarascáil Uasdátúcháin ar an Aguisín a ghabhann leis an Measúnacht Chomhcheangailte (ina ndéileáiltear le tionscadail agus pleananna a beartaíodh agus a ceadaíodh ó thráth foilsithe an Ráiteas Tionchair Natura)

NÓTA:- Tá an t-ábhar uasdátaithe atá ann sa Tuarascáil Uasdátúcháin seo ar an Aguisín le feiceáil i dtéacs dearg nó tá sé le feiceáil mar théacs dearg a bhfuil líne tríd.

Uimhir an Jab223985-00

**Ove Arup & Partners Ireland Ltd**

**Arup**
Corporate House
Páirc Ghnó Oirthear na Cathrach
Baile an Bhriotaigh
Gaillimh
H91 K5YD
Éire
www.arup.com

ARUP

# Fíorú an Doiciméid

ARUP

| | | |
|---|---|---|
| **Teideal an jab** | Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe | **Uimhir an jab**<br>223985-00 |
| **Teideal an doiciméid** | MC – Tuarascáil Uasdátúcháin ar an Aguisín a ghabhann leis an Measúnacht Chomhcheangailte (ina ndéileáiltear le tionscadail agus pleananna a beartaíodh agus a ceadaíodh ó | **Tagairt an chomhaid** |
| **Tag an doiciméid** | Issue 3 Final 3 November 2020 | |

| **Athbhreithniú** | **Dáta** | **Ainm an chomhaid** | GCC - N6 - MC Aguisín a ghabhann leis an Measúnacht Chomhcheangailte - I1.docx | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Eisiúint 1 | 10 Márta 2020 | **Tuairisc** | Eisiúint 1 | | |
| | | | Arna ullmhú ag | Arna seiceáil ag | Arna cheadú ag |
| | | Ainm | Fiona Patterson | Mary Hurley | Eileen McCarthy |
| | | Síniú | | | |
| Eisiúint 2 | 15 DF 2020 | **Ainm an chomhaid** | GCC - N6 - MC Aguisín a ghabhann leis an Measúnacht Chomhcheangailte - I2.docx | | |
| | | **Tuairisc** | Eisiúint 2 | | |
| | | | Arna ullmhú ag | Arna seiceáil ag | Arna cheadú ag |
| | | Ainm | Fiona Patterson | Mary Hurley | Eileen McCarthy |
| | | Síniú | | | |
| | | **Ainm an chomhaid** | | | |
| | | **Tuairisc** | | | |
| | | | Arna ullmhú ag | Arna seiceáil ag | Arna cheadú ag |
| | | Ainm | | | |
| | | Síniú | | | |
| | | **Ainm an chomhaid** | | | |
| | | **Tuairisc** | | | |
| | | | Arna ullmhú ag | Arna seiceáil ag | Arna cheadú ag |
| | | Ainm | | | |
| | | Síniú | | | |

**Fíorú an Doiciméid le heisiúint in éineacht leis an** ✓

# Clár

Leathanach

**1 Réamhrá** **1**

1.1 Cúlra 1

1.2 Pleananna agus tionscadail eile a breithníodh ón tráth a foilsíodh an NIS 2

**2 Measúnacht Chomhcheangailte Fhoriomlán** **8**

# 1 Réamhrá

## 1.1 Cúlra

Déantar an mheasúnacht ar thionchar carnach na forbartha bóthair, (Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (N6 GCRR)), i dteannta tionchar pleananna agus tionscadal eile, a chur i láthair i dTábla 12.2 de Roinn 12 den Ráiteas Tionchair Natura (NIS) (leathanaigh 329 go 380 agus i Roinn 4.14 den Fhreagairt ar Iarraidh ar Fhaisnéis Bhreise (RFI), Leathanach 62).

Tar éis iarraidh a fháil ón mBord, rinneadh breithniú, i Roinn 4.14 ~~14.4~~ den mheasúnacht chomhcheangailte, ar na pleananna agus ar na tionscadail go léir in éineacht lena chéile seachas ina bpéirí (nó go leithleach óna chéile), i gcomparáid le N6 GCRR agus thángthas ar an gconclúid nach mbeadh aon éifeachtaí comhcheangailte ann mar thoradh ar aon phleananna nó tionscadail a breithníodh san NIS agus san FRI nuair a chuirtear san áireamh iad in N6GCRR, ar éifeachtaí iad a bhainfeadh an bonn de chuspóirí caomhantais cSAC Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, SPA Loch Coirib agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh agus nach mbeadh aon éifeachtaí dochracha ar iomláine aon cheann de na Láithreáin Eorpacha sin. Daingnítear nach bhfuil aon amhras eolaíochta ann maidir leis an gconclúid sin.

Mar chuid den Tuarascáil Uasdátúcháin seo a seachadadh ar an Éisteacht ó Bhéal ar an 10 Márta 2020 agus a uaslódáladh chuig an láithreán gréasáin seo a leanas: http://www.n6galwaycityringroad.ie/, breithníodh agus measúnaíodh éifeachtaí díreacha, neamhdhíreacha agus comhcheangailte aon phleananna a foilsíodh, nó aon tionscadail a ceadaíodh nó a bhí ina n-ábhar iarratais i ndáil le ceadú forbartha, ó thráth foilsithe an NIS suas go dtí an 10 Márta.

Ós rud é gur cuireadh an Éisteacht ó Bhéal ar fionraí mar gheall ar Covid-19, ceapadh go mbeadh sé stuama an Tuarascáil Uasdátúcháin Aguisín seo a uasdátú i leith na tréimhse eatramhaí.

*Tionscadail*

Ó bhí an 10 Márta ann, tá athrú tagtha ar stádas cuid de na tionscadail bheo a measúnaíodh i dtosach báire:

- Dhá thionscadal: Diúltaíodh do 305982-19 (Gort na Bró) agus do 306413-19 (Cnoc Rois)
- Tionscadal amháin: Tá fógra faighte maidir le 19/372 (faichí imeartha nua NUIG) á rá gur cinneadh cead pleanála a dheonú
- Dhá thionscadal: Tá cead pleanála deonaithe i ndáil le 306222-19 (Bóthar an Bhaile Bháin Mhóir) agus 306403-19/306403-20 (Bóthar Chúil Each)

Maidir leis na trí thionscadal ar ina leith a fuarthas cinneadh chun cead pleanála a dheonú dóibh nó a fuarthas cead pleanála dóibh, rinneadh iad a athbhreithniú

tuilleadh sa tuarascáil seo lena fháil amach ar tharla aon athruithe eile ón tráth deireanach a ndearnadh measúnú/breithniú ina leith roimhe seo.

I gcás na dtionscadal sin ar diúltaíodh dóibh, ní gá iad a bhreithniú a thuilleadh sa phróiseas measúnachta comhcheangailte.

Ó bhí an 10 Marta 2020 ann, tá athbhreithniú uasdátaithe déanta ar iarratais bheo atá ann sna comhaid phleanála maidir leo seo a leanas:

i. Comhairle Cathrach na Gaillimhe

ii. Comhairle Chontae na Gaillimhe

iii. Comhairlí Contae i gcontaetha comharsanacha

iv. An Bord Pleanála

v. Tairseach EIA na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

Mar thoradh ar an athbhreithniú seo, tá 3 thionscadal nua ann atá sainaitheanta mar thionscadail a bhféadfadh éifeachtaí comhcheangailte a bheith ag gabháil leo.

I rith na hÉisteachta Ó Bhéal, rinneadh tagairt do Chairéal Chlaí an Dá Mhíle[1] agus, ar mhaithe le hiomláine, rinneadh breithniú agus measúnú air sin sa Tuarascáil Uasdátúcháin seo ar an Aguisín, i **dTábla 3**, (i) i gcomhthéacs N6 GCRR agus, chomh maith leis sin, (ii) i gcomhthéacs N6 GCRR, na bpleananna agus na dtionscadal go léir a breithníodh mar chuid den mheasúnacht chomhcheangailte san NIS agus na bpleananna agus na dtionscadal go léir eile a measúnaíodh sa doiciméad seo.

*<u>Pleananna</u>*

Ó bhí an 10 Márta 2020 ann, níl aon athrú tagtha ar stádas na bpleananna a measúnaíodh roimhe seo agus, ó bhí an dáta sin ann, níor foilsíodh aon phleananna nua ar dóigh dóibh éifeachtaí suntasacha de chineál díreach, neamhdhíreach ná comhcheangailte, a bheith acu ar na láithreáin Eorpacha atá á bplé sa chomhthéacs seo.

## 1.2 Pleananna agus tionscadail eile a breithníodh ón tráth a foilsíodh an NIS

Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 8(3) den Treoir maidir le Gnáthóga: "*Maidir le haon phlean nó tionscadal nach bhfuil baint dhíreach aige le bainistiú an láithreáin ach ar dóigh dó éifeacht shuntasach a bheith aige ar an láithreán, as féin nó in éineacht le pleananna nó tionscadail eile, beidh sé faoi réir measúnacht chuí ar na himpleachtaí atá aige don láithreán, ag féachaint do chuspóirí caomhantais an láithreáin. I bhfianaise chonclúidí na measúnachta ar na himpleachtaí atá ann don láithreán, agus faoi réir fhorálacha mhír 4, ní chomhaontóidh na húdaráis náisiúnta chuí an plean go dtí go mbeidh sé fionnta*

[1]Cairéal Chlaí an Dá Mhíle, Tuaim, Co. na Gaillimhe - Tuilleadh forbartha ar an gcairéal agus gach obair fhoghabhálach ar láithreáin i mbailte fearainn an Phoill Chaoin agus *Ballygaurran*. Tag. QD0021 an Bhoird Pleanála. Arna dheonú ag an mBord Pleanála an 25/07/2017. http://www.pleanala.ie/casenum/QD0021.htm

*acu nach ndéanfaidh sé difear dochrach d'iomláine an láithreáin lena mbaineann agus, más cuí, go dtí go mbeidh tuairim an phobail i gcoitinne faighte acu."*

Sa tuarascáil uasdátúcháin seo ar an aguisín, déantar breithniú agus measúnú ar éifeachtaí díreacha, neamhdhíreacha agus comhcheangailte aon phleananna a foilsíodh, nó aon tionscadail a ceadaíodh nó a bhí ina n-ábhar d'iarratais ar thoiliú forbartha, ó dháta foilsithe an NIS, ar pleananna nó tionscadail iad a bhféadfadh éifeachtaí comhcheangailte a bheith acu.

Rinneadh athbhreithniú ar aon phleananna a foilsíodh ón tráth a tíolacadh an NIS agus a bhféadfadh éifeachtaí comhcheangailte a bheith acu. Mar thoradh ar an athbhreithniú sin, sainaithníodh roinnt pleananna a bhféadfadh éifeachtaí comhcheangailte a bheith acu ar na Láithreáin Eorpacha thuas nuair a dhéantar breithniú orthu i gcomhthéacs N6 GCRR agus na bpleananna agus na dtionscadal go léir a bhreithnítear agus a mheasúnaítear i Roinn 12 den NIS agus Roinn 4.14 den RFI. Tá siad sin liostaithe agus measúnaithe i **dTábla 1** thíos.

Ina theannta sin, rinneadh measúnú ar fhorbairtí beartaithe agus ar fhorbairtí atá ceadaithe trí bhreithniú a dhéanamh ar iarratais pleanála bheo agus ar iarratais pleanála atá ceadaithe. Mar chuid den obair sin, áiríodh athbhreithniú ar iarratais atá ann sna comhaid pleanála i leith na ndreamanna seo a leanas:

i. Comhairle Cathrach na Gaillimhe

ii. Comhairle Chontae na Gaillimhe

iii. Comhairlí Contae i gcontaetha comharsanacha

iv. An Bord Pleanála

v. Tairseach EIA na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

Mar thoradh ar an athbhreithniú sin, sainaithníodh roinnt tionscadal beo agus/nó ceadaithe (mar atá liostaithe i **dTábla 2** thíos) ar tionscadail iad a bhféadfadh éifeachtaí comhcheangailte a bheith acu ar na Láithreáin Eorpacha thuas nuair a dhéantar breithniú orthu i gcomhthéacs N6 GCRR agus na bpleananna agus na dtionscadal go léir a bhreithnítear agus a mheasúnaítear i Roinn 12 den NIS agus Roinn 4.14 den RFI. Ar Líníocht Uimh. GCRR-SK-OH-051, arna huasdátú, taispeántar suíomh na dtionscadal beo agus na dtionscadal ceadaithe atá liostaithe i **dTábla 2**.

Is iad na pleananna atá liostaithe i **dTábla 1** agus na tionscadail atá liostaithe i **dTábla 2**, agus na pleananna agus na tionscadail sin amháin, a meastar ina leith go bhféadfadh éifeachtaí comhcheangailte a bheith acu ar láithreáin Eorpacha (in éineacht le N6 GCRR, astu féin, nó in éineacht le N6 GCRR agus leis na tionscadail agus na pleananna sin go léir a bhreithnítear i Roinn 12 den NIS agus i Roinn 4.14 den RFI) agus tá an seans go mbeidh éifeachtaí comhcheangailte ag pleananna agus tionscadail eile curtha as an áireamh.

Sa mheasúnacht atá ann sa tuarascáil uasdátúcháin seo ar an aguisín, déantar breithniú agus measúnú i dtaobh an mbeidh éifeachtaí comhcheangailte ag aon cheann de na pleananna foilsithe atá liostaithe i **dTábla 1** agus ag aon cheann de na tionscadail bheo agus/nó de na tionscadail cheadaithe atá liostaithe i **dTábla 2**

ar chuspóirí caomhantais cSAC Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, SPA Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh agus i dtaobh an mbeidh éifeachtaí dochracha ann ar iomláine aon cheann de na Láithreáin Eorpacha sin, nuair a chuirtear na pleananna agus na tionscadail sin in éineacht lena chéile agus in éineacht leis an N6 GCRR agus leis na leis na tionscadail agus na pleananna sin go léir a bhreithnítear i Roinn 12 den NIS agus i Roinn 4.14 den RFI.

**Tábla 1: Pleananna nua ón tráth a foilsíodh an NIS**

| |
|---|
| Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair (a glacadh ar an 24 Eanáir 2020) |
| Plean Straitéiseach Údarás na Gaeltachta 2018-2020 |
| Plean Ceantair Áitiúil Thuama 2018-2024 |
| Plean Ceantair Áitiúil na nArdán 2018-2024 |
| Plean Bainistíochta Abhantraí na hÉireann (2018-2021) |
| Plean Gnímh don Aeráid 2019 |
| Dréacht-Straitéis Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide 2019 |

Rinneadh na pleananna úsáide talún seo a leanas, a bhreithnítear agus a mheasúnaítear sa mheasúnacht chomhcheangailte a chuirtear i láthair i Roinn 12 den NIS, a leathnú de bhun Alt 19(1)(d) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) trí sheirbheáil a chur siar i gcás fógra maidir le déanamh, leasú nó cúlghairm Plean Ceantair Áitiúil:

- Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Átha an Rí 2012 – 2018, ar a dtugtar Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Átha an Rí 2012 – 2022 anois
- Plean Ceantair Áitiúil an Ghoirt 2013 – 2019, ar a dtugtar Plean Ceantair Áitiúil an Ghoirt 2013-2023 anois
- Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Locha Riach 2012 – 2018, ar a dtugtar Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Locha Riach 2012-2022 anois
- Plean Ceantair Áitiúil Mhaigh Cuilinn 2013 – 2019, ar a dtugtar Plean Ceantair Áitiúil Mhaigh Cuilinn 2013 – 2023 anois
- Plean Ceantair Áitiúil Órán Mór 2012 – 2018, ar a dtugtar Plean Ceantair Áitiúil Órán Mór 2012 – 2022 anois
- Plean Forbartha Chontae Mhaigh Eo 2014 – 2020 - Cuireadh próiseas an athbhreithnithe reachtúil ar an bplean forbartha ar fionraí fad a bhí glacadh~~Bhíothas chun an t-athbhreithniú ar Phlean Forbartha Chontae Mhaigh Eo 2014-2020 a atosú laistigh de 13 seachtaine ó thráth glactha~~ Phlean Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair (a glacadh ar an 24 Eanáir 2020) ar feitheamh, agus níor atosaíodh fós é.

Baineann an próiseas dá dtagraítear thuas le fadú an dáta éagtha i leith gach ceann ar leith de na pleananna úsáide talún sin. Ach, i ngach cás, tá ábhar an phlean gan athrú ón tráth a foilsíodh é agus sular cuireadh siar glacadh an phlean agus tá an

mheasúnacht ar na leaganacha bunaidh de gach plean úsáide talún ar leith san NIS gan athrú i gcomparáid leis an measúnacht a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2018.

**Tábla 2: Tionscadail bheo agus tionscadail cheadaithe ó thráth foilsithe an NIS**

| Tag. ABP | Tag. GCC | Mionsonraí | Beo/Ceadaithe Dáta an Chinnidh |
|---|---|---|---|
| - | 19/372 | Faichí Imeartha Nua NUIG<br>Cead pleanála maidir le forbairt 1 fhaiche imeartha 3G agus aon fhaiche imeartha CLCG/sacair faoi fhéar, móide an bonneagar foghabhálach ar fad, fálú stoptha liathróidí, tuilsoilsiú, draenáil, limistéar feabhsaithe bithéagsúlachta agus na hoibreacha gaolmhara go léir ar an láithreán. | BEO.<br>IARRAIDH FI<br>FÓGRA FAOIN gCINNEADH CHUN CEAD PLEANÁLA A DHEONÚ<br>Meán Fómhair, 2020 |
| 305982-19 | SHD 18/7 | 332 leithlann, crèche agus na hoibreacha gaolmhara go léir ar an láithreán. Gort na Bró, Ráthún, Co. na Gaillimhe.<br>www.knocknacarradistrictcentre.ie | BEO<br>30/3/2020<br>DIÚLTAÍODH<br>Márta 2020 |
| 306222-19 | SHD 19/1 | Bóthar an Bhaile Bháin Mhóir - 102 aonad cónaithe (24 theach, 78 leithlann), saoráid chúraim leanaí agus oibreacha gaolmhara ar an láithreán. Bóthar an Bhaile Bháin Mhóir, Baile an Bhriotaigh, Dabhach Uisce, Co. na Gaillimhe.<br>www.ballybanemoreroadshd.ie | BEO<br>20/4/2020<br>DEONAÍODH 21/04/20 |
| 306403-19<br>306403-20 | SHD 18/9 | 255 spás leapa do mhic léinn. Bóthar Chúil Each, Tír Oileáin, Co. na Gaillimhe.<br>www.cooloughstudentresidences.ie | BEO<br>05/5/2020<br>DEONAÍODH 16/06/20 |
| 306413-19 | SHD 19/2 | 342 aonad cónaithe (185 theach, 157 leithlann). Tailte ar Bhóthar Cnoc Rois, i mbailte fearainn Ros Cam, Pháirc Mhuirlinne agus Mhuirbhigh, Bóthar Chnoc Rois, Gaillimh, Co. na Gaillimhe<br>www.rosshillmanorshd.ie | BEO<br>07/05/2020<br>DIÚLTAÍODH 06/05/20 |
| - | 20/47 | AugustineHill (Taobh thiar de Stáisiún Cheant) - Baineann an fhorbairt bheartaithe le tionscadal athghiniúna uirbeach úsáide measctha ina gcuimsítear na húsáidí seo a leanas: cónaí, miondíol, caiféanna/bialanna, óstán, oifig, pictiúrlann, saoráid chúraim leanaí, ionad pobail, cúrsaí cultúir, páirceáil agus oibreacha gaolmhara ar an láithreán. Tá EIAR agus NIS ann in éineacht leis an iarratas pleanála | BEO<br>21/4/2020<br>IARRAIDH FI<br>15/6/2020 |
| 20/46 | | Bóthar Mhionchluana/An Chlaí Bháin agus MincloonCross, Gaillimh<br>Tá cead pleanála á lorg chun forbairt a dhéanamh ina gcuimseofar leasuithe agus modhnuithe ar chead pleanála 14/248 a deonaíodh roimhe seo (Tag. an Bhoird Pleanála: PL 61.245292). (77 n-aonad cónaithe) | BEO<br>IARRAIDH FI<br>04/6/2020 |
| 20/83 | | Bóthar Stiofáin, Ráthún, Gaillimh | BEO |

| Tag. ABP | Tag. GCC | Mionsonraí | Beo/Ceadaithe Dáta an Chinnidh |
|---|---|---|---|
| | | Déanmhais láithreacha a scartáil, bloc leithlann 4 stór (18 n-aonad cónaithe) a thógáil https://plan.galwaycity.ie/?file_number=2083 | IARRAIDH FI 14/7/2020 |
| 20/101 | | 2,3,4 Cnoc na Cathrach (R336) Bóthar na Trá (17 leithlann) Tá cead á lorg don fhorbairt ina gcuimseofar scartáil Stáisiúin Seirbhíse Peitril, Siopa agus umar gaolmhar, agus scartáil tithe cónaithe a bhfuil droch-bhail orthu a fhéachann amach ar Bhruach na Mara, agus chun forbairt nua úsáide measctha, lena n-áirítear 17 n-aonad cónaithe, a thógáil | BEO IARRAIDH FI 16/7/2020 |
| 304345-19 | SHD 18/5 | Bóthar Leitrí, Leitreach, Ráthún. 101 aonad cónaithe (46 theach, 55 leithlann), saoráid chúraim leanaí & oibreacha láithreáin ar thailte soir ó Bhaile an Mhóinín. | DEONAÍODH 02/8/2019 |
| 304762-19 | SHD 18/4 | Bóthar Bhaile an Mhóinín Thoir i mbaile Fearainn Bhaile na mBúrcach. Teach láithreach agus foirgnimh sheachtracha ghaolmhara a scartáil agus 238 n-aonad cónaithe (113 theach, 125 leithlann) agus saoráid chúraim leanaí a thógáil, mar aon le hoibreacha láithreáin gaolmhara ar thailte. | DEONAÍODH 14/10/2019 |
| 304928-19 | SHD 18/6 | Crown Square, Bóthar Mhuine Mheá & Joyce's Road, Mervue. 288 n-aonad cónaithe. | DEONAÍODH 30/10/2019 |
| 301693-18 | SHD 18/1 | An Daingean, an Caisleán Nua Uachtarach. Cóiríocht do mhic léinn. 394 leaba (53 leithlann) | DEONAÍODH 04/01/19 |
| 303846-19 | SHD 18/3 | NUIG, An Campas Thuaidh, An Daingean, 471 leaba do mhic léinn | DEONAÍODH 11/06/19 |
| | 19/107 | Scéim Soláthair Uisce na Gaillimhe Thiar - Oibreacha Iontógála WTP Thír Oileáin agus Príomhphíobán Aníos CliftonHill (Uisce Éireann). Cead le haghaidh forbairt ina gcuimsítear oibreacha nua iontógála amhuisce atá suite ar bhruach thoir Abhainn na Gaillimhe, 100m síos an sruth ó Dhroichead na gCúig Chéad; oibreacha gaolmhara píopa chun amhuisce a aistriú ó na hoibreacha nua iontógála chuig na hoibreacha láithreacha iontógála óna gcuirtear soláthar ar fáil do Ghléasra Cóireála Uisce (WTP) Thír Oileáin; agus príomhphíobán aníos nua uisce chóireáilte a shíneann idir WTP Thír Oileáin agus an príomhphíobán aníos láithreach ar bhruach thoir Abhainn na Gaillimhe. NIS san áireamh. | DEONAÍODH 24/01/20 |

# 2 Measúnacht Chomhcheangailte Fhoriomlán

I **dTábla 3** den tuarascáil seo ar an aguisín, cuirtear torthaí na measúnachta uasdátúcháin comhcheangailte seo i láthair i gcomhthéacs an N6 GCRR agus i gcomhthéacs na bpleananna agus na dtionscadal sin go léir a bhreithnítear i Roinn 12 den NIS agus i gcomhthéacs~~an tionscadail~~na dtionscadal agus na bpleananna a bhreithnítear sa doiciméad seo~~ atá liostaithe i **dTábla 1**~~ i gcomhthéacs an N6GCRR.

Mar atá measúnaithe i Roinn 12 den NIS agus i Roinn 4.14 den RFI, níl aon seans ann go dtiocfaidh éifeachtaí dochracha ar aon láithreáin Eorpacha chun cinn mar thoradh ar an bhforbairt bhóthair atá beartaithe nuair a bhreithnítear í in éineacht le haon cheann, nó, go deimhin, le gach ceann, de na pleananna nó de na tionscadail a breithníodh i dtosach báire mar chuid den mheasúnacht chomhcheangailte san NIS agus, mar an gcéanna, níl aon seans ann go mbeidh éifeachtaí dochracha ar iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha mar thoradh ar an bhforbairt bhóthair atá beartaithe nuair a bhreithnítear í in éineacht le haon cheann, nó le gach ceann, de na pleananna breise agus de na tionscadail bhreise a mheasúnaítear sa doiciméad seo, lena n-áirítear nuair a bhreithnítear iad in éineacht leis na pleananna agus na tionscadail sin a measúnaíodh i dtosach báire san NIS.

Dá bhrí sin, ní dhéanfaidh an N6 GCRR difear dochrach d’iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha, ina aonar nó in éineacht le haon phleananna nó tionscadail eile, agus níl aon amhras eolaíochta ann i ndáil leis an gconclúid sin.

Níl gá le haon bhearta maolúcháin breise mar thoradh ar an measúnacht uasdátúcháin seo.

**Tábla 3: Measúnacht Chomhcheangailte**

| **Plean/Tionscadal**<br>**Uimh. Thag.** | |
|---|---|
| **Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta (RSES) Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair** | Tacaíonn an RSES le cur i bhfeidhm an Chreata Náisiúnta Pleanála (NPF), agus le beartais agus cuspóirí eacnamaíochta an Rialtais trí chreat straitéiseach fadtéarmach pleanála agus eacnamaíochta a sholáthar i ndáil le forbairt na réigiún: Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair; Réigiún an Deiscirt; agus Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre.<br>Rinneadh Measúnacht Chuí i ndáil le RSES Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair, agus í bunaithe ar Thuarascáil Tionchair Natura (NIR) a ullmhaíodh do Dhréacht-RSES Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair, agus ar Mheasúnacht AA ar leasuithe ábhartha ar Dhréacht-RSES Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair, lena n-áirítear na bearta maolúcháin atá beartaithe agus na cuspóirí uileghabhálacha comhshaoil ar cuid dhílis iad den straitéis chun a chinntiú nach ndéanann an RSES difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha.<br>De réir mar a cinneadh san NIS i leith an N6 GCRR, agus ag féachaint do na bearta maolúcháin a bhfuil mionsonraithe ann ina leith san NIS sin (féach Roinn 10 den NIS), ní dhéanfaidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha, ina haonar nó in éineacht le haon phleananna nó tionscadail eile.<br>Agus na bearta maolúcháin atá ann in RSES Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair, agus an straitéis mhaolúcháin a mholtar san NIS don N6 GCRR, á gcur san áireamh, níl aon seans ann go dtiocfaidh aon éifeachtaí comhcheangailte chun cinn a dhéanfadh difear don chomhshaol glactha i cSAC Loch Coirib, i SPA Loch Coirib, i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó i SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh nó a dhéanfadh difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha. |
| **Plean Bainistíochta Abhantraí na hÉireann (2018 – 2021)** | Is é is cuspóir do Phlean Bainistíochta Abhantraí na hÉireann ná laghdú a dhéanamh ar leibhéil an truaillithe, stádas maith cáilíochta uisce a athbhunú agus cosc a chur ar mheath na cáilíochta uisce san abhantrach. Dá bhrí sin, rannchuideoidh an méid sin le riocht caomhantais na láithreán Eorpach atá ann laistigh den ZoI a chothabháil nó a athbhunú agus níl aon chonairí tionchair ionchasacha ann ar tríothu a d'fhéadfadh na nithe sin difear dochrach a dhéanamh d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha.<br>Ó tharla go mbeidh tionchar dearfach ag an bplean seo ar cháilíocht an uisce in abhantrach Abhainn na Gaillimhe agus i gCuan na Gaillimhe.Dá bhrí sin, ní fhéadfadh aon éifeachtaí comhcheangailte a bheith ann a dhéanfadh difear don chomhshaol glactha i cSAC Loch Coirib, i SPA Loch Coirib, i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó i SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh nó a dhéanfadh difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha. |
| **Plean Straitéiseach Údarás na Gaeltachta 2018 – 2020** | Le Plean Straitéiseach Údarás na Gaeltachta 2018 – 2020, táthar ag féachaint le tacaíocht a thabhairt don phobal Gaeilge, le scileanna agus fostaíocht a fhorbairt, leis na healaíona a chur chun cinn, agus le forbairt eacnamaíochta, shóisialta agus chultúir a bhaint amach.<br>Maidir le Plean Straitéiseach Údarás na Gaeltachta 2018 – 2020, ní dhéantar aon tograí sonracha forbartha, nó aon tograí |

| **Plean/Tionscadal Uimh. Thag.** | |
|---|---|
| | straitéiseacha, a mholadh ann, ná ní thugtar tacaíocht ann d'aon tograí den sórt sin, i suíomhanna sainaitheanta inar féidir conairí féideartha tionchair a shainiú a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don timpeallacht glactha i cSAC Loch Coirib, i SPA Loch Coirib, i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó i SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh.<br>Ach d'fhéadfadh sé gurb amhlaidh, a mhéid a bhaineann le haon fhorbairtí a chuirtear i gcrích amach anseo faoin bPlean sin, go bhfuil seans ann go mbeidís suite laistigh de cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh nó go mbeidís suite i suíomh a d'fhágfadh go bhféadfadh na láithreáin Eorpacha sin a bheith laistigh de crios tionchair na n-éifeachtaí féideartha.<br>Ní mór go mbeidh aon tionscadail a bhfuil gá leo chun cuspóirí Phlean Straitéiseach Údarás na Gaeltachta 2018 – 2020 a bhaint amach a bheith i gcomhréir leis na ceanglais reachtúla pleanála agus le ceanglais na bpleananna iomchuí úsáide talún (Pleananna Forbartha, Pleananna Ceantair Áitiúil etc.). I gcomhthéacs cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh, is iad na pleananna uileghabhálacha úsáide talún Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015 – 2021, Plean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017 – 2023, Plean Forbartha Chontae an Chláir 2017 – 2022 agus Plean Forbartha Chontae Mhaigh Eo 2014 – 2020.<br>Cuimsíonn na pleananna úsáide talún sin go léir cuspóirí agus beartais chun a chinntiú go ndéantar láithreáin Eorpacha a chosaint ar aon tionscadail atá beartaithe i limistéar an phlean lena mbaineann. Cuirtear i láthair iad in Aguisín O den NIS.<br>I bhfianaise na mbeartas cosanta comhshaoil atá ann sna pleananna úsáide talún sin, agus ós rud é nach ndéanfaidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe, ina haonar, difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha, ní fhéadfadh Plean Forbartha Údarás na Gaeltachta 2018 – 2020 a bheith ina chúis le héifeachtaí dochracha ar iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha nuair a bhreithnítear é in éineacht leis an bhforbairt bhóthair atá beartaithe. |
| **Plean Ceantair Áitiúil Thuama 2018 – 2024** | Tá cSAC Loch Coirib suite laistigh de theorainn Phlean Ceantair Áitiúil Thuama 2018 – 2024 agus tá SPA Loch Coirib suite síos an sruth ó limistéar an phlean. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh Plean Ceantair Áitiúil Thuama 2018 – 2024 tionchar a imirt ar an dá láithreán Eorpacha sin.<br>Rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe Measúnacht Chuí i ndáil le Plean Ceantair Áitiúil Thuama 2018 – 2024, ar measúnacht í a bhí bunaithe ar an Tuarascáil Tionchair Natura agus ar na bearta maolúcháin atá ann sa tuarascáil sin, agus, mar thoradh ar an measúnacht sin, cinneadh nach ndéanfadh an plean difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha, lena n-áirítear cSAC Loch Coirib agus SPA Loch Coirib.<br>De réir mar a cinneadh san NIS i leith an N6 GCRR, agus ag féachaint do na bearta maolúcháin a bhfuil mionsonraithe ann ina leith san NIS sin (féach Roinn 10 den NIS), ní dhéanfaidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe difear dochrach d'iomláine aon cheann de |

| **Plean/Tionscadal Uimh. Thag.** | |
|---|---|
| | na láithreáin Eorpacha, ina haonar nó in éineacht le haon phleananna nó tionscadail eile.<br>Agus na bearta maolúcháin atá ann in Plean Ceantair Áitiúil Thuama 2018 – 2024 agus an straitéis mhaolúcháin a mholtar san NIS don N6 GCRR á gcur san áireamh, níl aon seans ann go dtiocfaidh aon éifeachtaí comhcheangailte chun cinn a dhéanfadh difear don chomhshaol glactha i cSAC Loch Coirib, i SPA Loch Coirib, i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó i SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh nó a dhéanfadh difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha. |
| **Plean Ceantair Áitiúil na nArdán 2018-2024** | Tá an limistéar lena mbaineann Plean Ceantair Áitiúil na nArdán scoite amach ó aon láithreáin Eorpacha agus níl aon seans ann go dtiocfaidh tionchair dhíreacha chun cinn mar thoradh air. Ach tá seans ann go bhféadfadh forbairtí atá bainteach le Plean Ceantair Áitiúil na nArdán difear a dhéanamh do cháilíocht an screamhuisce, méadú a dhéanamh ar ualú ag WwTP Inis Caorach agus éin geimhrithe ó ghnáthóga eile, a d'fhéadfadh a bheith ina gcuid de dhaonraí SCI i SPA-anna in aice láimhe, a dhíláithriú.<br>De réir mar a measúnaíodh i Roinn 12 den NIS, rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí ar Dhréacht-Phlean Ceantair Áitiúil na nArdán 2018 – 2924 agus thángthas ar an gconclúid "nach bhféadfadh Dréacht-Phlean Ceantair Áitiúil na nArdán a bheith ina chúis le héifeachtaí suntasacha ar láithreáin Eorpacha, ina aonar nó in éineacht le pleananna agus tionscadail eile".<br>Rinne na Comhaltaí Tofa athruithe ábhartha ar Dhréacht-Phlean Ceantair Áitiúil na nArdán 2018 – 2024 a mholadh agus cuireadh na hathruithe sin faoi réir Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí (*Scagadh le haghaidh Tuarascáil Mheasúnachta Cuí i leith Athruithe Ábhartha atá molta maidir le Dréacht-Phlean Ceantair Áitiúil na nArdán 2018 – 2024*, Eanáir 2018) agus, mar thoradh air sin, thángthas ar an gconclúid nach bhféadfadh an plean leasaithe "a bheith ina chúis le héifeachtaí suntasacha ar láithreáin Eorpacha, ina aonar nó in éineacht le pleananna agus tionscadail eile".<br>Agus an méid sin thuas á chur san áireamh, agus ós rud é nach ndéanfaidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe, ina aonar, difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha ann féin, ní bheidh Plean Ceantair Áitiúil na nArdán 2018 – 2024, nuair a chuirtear in éineacht leis an bhforbairt bhóthair bheartaithe é, ina chúis le difear dochrach ar iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha. |
| **Plean Gnímh don Aeráid 2019** | Is ionann an Plean Gnímh don Aeráid 2019 agus straitéis ardleibhéil chun aghaidh a thabhairt ar athrú aeráide ar leibhéal náisiúnta trí laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí carbóin thar raon earnálacha d'fhonn spriocanna idirnáisiúnta a bhaineann le hastaíochtaí a bhaint amach. Tá gealltanas ann, áfach, maidir le tionscadail bhonneagair a chur i bhfeidhm chun na spriocanna sin a bhaint amach ach níl aon tagairtí sonracha spásúlachta ann do shuíomhanna a dhéanfadh difear d'aon cheann de na ceithre láithreán Eorpacha atá suite laistigh den chrios ionchasach tionchair a bhaineann leis an bhforbairt bhóthair atá beartaithe: cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh. |

| **Plean/Tionscadal<br>Uimh. Thag.** | |
|---|---|
| | Ní mór go mbeidh aon tionscadail a éiríonn as an bPlean Gnímh don aeráid 2019, nó a bhfaightear tacaíocht ina leith ón bPlean sin, a bheith i gcomhréir leis na ceanglais reachtúla pleanála iomchuí agus le ceanglais na bpleananna iomchuí úsáide talún (Pleananna Forbartha, Pleananna Ceantair Áitiúil etc.). I gcomhthéacs cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh, is iad na pleananna sin Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021, Plean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017 – 2023, Plean Forbartha Chontae an Chláir 2017 – 2022 agus Plean Forbartha Chontae Mhaigh Eo 2014 – 2020. Cuimsíonn na pleananna sin go léir cuspóirí agus beartais chun a chinntiú go ndéantar láithreáin Eorpacha a chosaint ar aon tionscadail atá beartaithe i limistéar an phlean lena mbaineann. Cuirtear na cuspóirí agus na beartais cosanta sin i láthair in **AguisínO** den NIS.<br>I bhfianaise na mbeartas cosanta comhshaoil atá ann sna pleananna úsáide talún sin, agus ós rud é nach ndéanfaidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe, ina haonar, difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha, ní fhéadfadh an Plean Gnímh don Aeráid 2019 a bheith ina chúis le riosca inaitheanta as a leanfadh éifeachtaí dochracha ar iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha nuair a bhreithnítear é in éineacht leis an bhforbairt bhóthair atá beartaithe. |
| **Dréacht-Straitéis Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide 2019** | I Straitéis Oiriúnaithe Aeráide Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2019 – 2024 (an Straitéis maidir le hOiriúnú Aeráide), leagtar amach na tosaíochtaí, na beartais agus na freagairtí straitéiseacha i leith an oiriúnúcháin i gContae na Gaillimhe thar na cúig bliana atá díreach romhainn, de réir mar a cheanglaítear leis an Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2015.<br>Sa *Tuarascáil maidir le Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí* (Arup, 2019), thángthas ar an gconclúid gur féidir an fhéidearthacht i leith éifeachtaí suntasacha ar láithreáin Eorpacha a fhágáil as an áireamh a mhéid a bhaineann leis an Dréacht-Straitéis maidir le hOiriúnú Aeráide). Agus an méid sin thuas á chur san áireamh, agus ós rud é nach ndéanfaidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha ann féin, ní bheidh an Straitéis maidir le hOiriúnú Aeráide, nuair a chuirtear in éineacht leis an bhforbairt bhóthair bheartaithe í, ina cúis le difear dochrach ar iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha. |
| **Faichí Imeartha Nua NUIG (19/372)**<br>**FÓGRA FAOIN gCINNEADH CHUN CEAD PLEANÁLA A DHEONÚ** | Baineann forbairt 19/372 le tógáil 2 fhaiche spóirt laistigh de thailte Champas Thuaidh NUIG, an Daingean. Áireoidh na faichí sin faiche faoi fhéar ina bhfuil achar iomlán 1.6 heicteár agus faiche uile-aimsire 3G ina bhfuil achar iomlán 1.5 heicteár. Ina theannta sin, áireoidh an fhorbairt tógáil seomraí gléasta sealadacha soir ó na faichí atá beartaithe agus tógáil riain nua rochtana ó bhóthar rochtana láithreach an champais spóirt atá tadhlach le Foirgneamh an Phailliúin Spóirt chuig láithreán na forbartha atá beartaithe. Chomh maith leis sin, áiríonn an fhorbairt limistéar feabhsaithe bithéagsúlachta ina bhfuil plandáil coillearnaí mar aon le bearta ionchasacha eile (e.g. blocáil draenacha agus cruthú linnte).<br>Tá an fhorbairt suite go díreach in aice le cSAC Loch Coirib agus tá seans ann, nuair a bhreithnítear í in éineacht leis an bhforbairt bhóthair atá beartaithe, go ndéanfaidh sí difear do cháilíocht an screamhuisce in Abhainn na Gaillimhe agus, síos an sruth, i gCuan na |

| Plean/Tionscadal Uimh. Thag. | |
|---|---|
| | Gaillimhe mar thoradh ar an seans go dtarlóidh truailliú uisce nuair atá tógáil nó oibriú ar siúl agus mar thoradh ar an seans go ndéanfar suaitheadh ar dhobharchúnna nuair atá tógáil ar siúl.<br>Sa Ráiteas Tionchair Natura (NIS) uasdátaithea thíolaic an t-iarratasóir ar fhorbairt 19/372, sainaithníodh go raibh cSAC Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh laistigh de chrios tionchair ionchasach na n-éifeachtaí ar cháilíocht uisce nuair atá tógáil agus oibriú ar siúl agus na n-éifeachtaí i leith suaitheadh ar dhobharchúnna nuair atá tógáil ar siúl. Tá bearta maolúcháin molta san NIS a tíolacadh in éineacht leis an iarratas lena chinntiú go dtugtar aghaidh ar na tionchair ionchasacha go léir - i.e. lena chinntiú go gcoimeádtar cáilíocht an uisce ar bun in Abhainn na Gaillimhe agus i gCuan na Gaillimhe nuair atá tógáil agus oibriú ar siúl agus go ndéantar suaitheadh atá bainteach le tógáil a íoslaghdú. Dá bhrí sin, mar thoradh ar chur i bhfeidhm na mbeart maolúcháin sin, ní bheidh forbairt 19/372 ina cúis le haon éifeachtaí dochracha ar iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha.<br>De réir mar a cinneadh san NIS i leith an N6 GCRR, agus ag féachaint do na bearta maolúcháin a bhfuil mionsonraithe ann ina leith san NIS sin (féach Roinn 10 den NIS), ní dhéanfaidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha, lena n-áirítear cSAC Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh, ina haonar nó in éineacht le haon phleananna nó tionscadail eile.<br>Agus na bearta maolúcháin atá ann i ndáil le forbairt 19/372 agus an straitéis mhaolúcháin a mholtar san NIS don N6 GCRR á gcur san áireamh, níl aon seans ann go dtiocfaidh aon éifeachtaí comhcheangailte chun cinn a dhéanfadh difear don chomhshaol glactha i cSAC Loch Coirib, i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó i SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh nó a dhéanfadh difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha. |
| **AugustineHill, (Tag. GCC 2047)** | Cuimsíonn forbairt 20/47 tionscadal athghiniúna uirbeach úsáide measctha ina bhfuil aonaid chónaithe go formhór agus ina n-áirítear saoráidí cónaí, miondíola, áineasa agus pobail, páirceáil gluaisteán, limistéir phoiblí agus na hoibreacha forbartha gaolmhara go léir ar an láithreán, tochailt, scartáil déanmhas neamhchosanta, seirbhísí, saoráidí stórála dramhaíola agus oibreacha tírdhreachaithe.<br>Tá an fhorbairt suite go díreach in aice le cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh agus d'fhéadfadh sí, in éineacht leis an bhforbairt bhóthair atá beartaithe, a bheidh ina cúis le difear a dhéanamh do cháilíocht an uisce i gCuan na Gaillimhe nuair atá an tógáil ar siúil.<br>Sa Ráiteas Tionchair Natura (NIS) a thíolaic an t-iarratasóir ar fhorbairt 20/47, sainaithníodh go raibh cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe laistigh de chrios tionchair ionchasach na n-éifeachtaí ar cháilíocht uisce nuair atá tógáil agus oibriú ar siúl agus na n-éifeachtaí i leith suaitheadh ar dhobharchúnna nuair atá tógáil ar siúl. Tá bearta maolúcháin molta san NIS a tíolacadh in éineacht leis an iarratas lena chinntiú go dtugtar aghaidh ar na tionchair ionchasacha go léir - i.e. lena chinntiú go gcoimeádtar cáilíocht an uisce ar bun i gCuan na Gaillimhe nuair atá an tógáil ar siúl. Dá bhrí sin, mar thoradh ar chur i bhfeidhm na |

| **Plean/Tionscadal**<br>**Uimh. Thag.** | |
|---|---|
| | mbeart maolúcháin sin, ní bheidh forbairt 20/47 ina cúis le haon éifeachtaí dochracha ar iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha.<br>De réir mar a cinneadh san NIS i leith an N6 GCRR, agus ag féachaint do na bearta maolúcháin a bhfuil mionsonraithe ann ina leith san NIS sin (féach Roinn 10 den NIS), ní dhéanfaidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha, lena n-áirítear cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh, ina haonar nó in éineacht le haon phleananna nó tionscadail eile.<br>Agus na bearta maolúcháin atá ann i ndáil le forbairt 20/47 agus an straitéis mhaolúcháin a mholtar san NIS don N6 GCRR á gcur san áireamh, níl aon seans ann go dtiocfaidh aon éifeachtaí comhcheangailte chun cinn a dhéanfadh difear don chomhshaol glactha i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó i SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh nó a dhéanfadh difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha. |
| **Scéim Soláthair Uisce na Gaillimhe Thiar - Oibreacha Iontógála WTP Thír Oileáin agus Príomhphíobán Aníos CliftonHill**<br>**19/107** | Is é a bheidh i gceist le forbairt 19/107 ná oibreacha nua iontógála amhuisce a thógáil ar bhruach thoir Abhainn na Gaillimhe, 100m síos an sruth ó Dhroichead na gCúig Chéad; oibreacha gaolmhara píopa chun amhuisce a aistriú ó na hoibreacha nua iontógála chuig na hoibreacha láithreacha iontógála óna gcuirtear soláthar ar fáil do Ghléasra Cóireála Uisce (WTP) Thír Oileáin; agus príomhphíobán aníos nua uisce chóireáilte a shíneann idir WTP Thír Oileáin agus an príomhphíobán aníos láithreach ar bhruach thoir Abhainn na Gaillimhe. Ós rud é go n-áiríonn an fhorbairt oibreacha feadh bhruach Abhainn na Gaillimhe i cSAC Loch Coirib, d'fhéadfadh sí, in éineacht leis an bhforbairt bhóthair atá beartaithe, a bheith ina cúis le difear a dhéanamh do cháilíocht an uisce in Abhainn na Gaillimhe agus i gCuan na Gaillimhe agus le difear a dhéanamh do speicis fána uiscigh in Abhainn na Gaillimhe.<br>Sa Ráiteas Tionchair Natura (NIS) a thíolaic an t-iarratasóir ar fhorbairt 19/107, sainaithníodh go raibh cSAC Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe laistigh de chrios tionchair ionchasach na n-éifeachtaí ar cháilíocht uisce Abhainn na Gaillimhe/Chuan na Gaillimhe nuair atá tógáil ar siúl agus sainaithníodh tionchair ar speicis uisceacha (e.g. loimpre agus bradán Atlantach) mar gheall ar an gcóras iontógála amhuisce. Tá bearta maolúcháin molta san NIS a tíolacadh in éineacht leis an iarratas lena chinntiú go dtugtar aghaidh ar na tionchair ionchasacha go léir - i.e. lena chinntiú go gcoimeádtar cáilíocht an uisce ar bun in Abhainn na Gaillimhe agus sios an sruth i gCuan na Gaillimhe nuair atá tógáil ar siúl agus nach n-imríonn dearadh na hiontógála amhuisce tionchar ar speicis fána uiscigh. Dá bhrí sin, mar thoradh ar chur i bhfeidhm na mbeart maolúcháin sin, ní bheidh forbairt 19/107 ina cúis le haon éifeachtaí dochracha ar iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha.<br>Rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe Measúnacht Chuí i leith fhorbairt 19/107 agus, mar thoradh ar an measúnacht sin, thángthas ar an gconclúid nach ndéanfadh an fhorbairt atá beartaithe, ina haonar nó in éineacht le haon phleananna nó tionscadail eile (lena n-áirítear an N6 GCRR atá beartaithe, arna mheasúnú san NIS), agus ag féachaint do na bearta maolúcháin atá leagtha amach ag an iarratasóir ina NIS, difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha. |

| **Plean/Tionscadal**<br>**Uimh. Thag.** | |
|---|---|
| | De réir mar a cinneadh san NIS i leith an N6 GCRR, agus ag féachaint do na bearta maolúcháin a bhfuil mionsonraithe ann ina leith san NIS sin (féach Roinn 10 den NIS), ní dhéanfaidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha, lena n-áirítear cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh, ina haonar nó in éineacht le haon phleananna nó tionscadail eile.<br>Agus na bearta maolúcháin atá ann i ndáil le forbairt 19/107 agus an straitéis mhaolúcháin a mholtar san NIS don N6 GCRR á gcur san áireamh, níl aon seans ann go dtiocfaidh aon éifeachtaí comhcheangailte chun cinn a dhéanfadh difear don chomhshaol glactha i cSAC Loch Coirib, i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó i SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh nó a dhéanfadh difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha. |
| ~~**Ionad Cheantar Chnoc na Cathrach, Gort na Bró, SHD Ráthúin**~~<br>~~**(305982-19) (SHD 18/7)**~~<br><br>**DIÚLTAÍODH** | ~~Is é a bheidh i gceist le Forbairt SHD 18/7 ná 332 aonad cónaithe, aonaid tráchtála, crèche, páirceáil gluaisteán, spás oscailte comhroinnte de chineál pobail agus príobháideach, páirceáil rothar, stóráil araidí, soilsiúchán poiblí, tírdhreachú láithreáin, seirbhísí, comharthaíocht, fostáisiún agus na hoibreacha forbartha gaolmhara go léir ar an láithreán.~~<br>~~Tá an fhorbairt scoite amach ó aon láithreáin Eorpacha. Ach d'fhéadfadh sí, in éineacht leis an bhforbairt bhóthair atá beartaithe, difear a dhéanamh, tríd an uisce dromchla láithreach agus trí na gréasáin draenála uisce bhréin, do cháilíocht an uisce i gCuan na Gaillimhe mar thoradh ar thruailliú timpisteach a dhéanann difear do cháilíocht an uisce dromchla sa chomhshaol glactha nuair atá tógáil agus oibriú ar siúl agus mar thoradh ar sceitheadh uisce bhréin isteach sa ghréasán poiblí uisce bhréin a théann isteach i gCuan na Gaillimhe sa deireadh tar éis é a chóireáil i nGléasra Cóireála Dramhuisce na Gaillimhe ar Inis Caorach.~~<br>~~Sa Ráiteas Tionchair Natura (NIS) a thíolaic an t-iarratasóir ar fhorbairt SHD 18/7, sainaithníodh go raibh cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh laistigh de chrios tionchair ionchasach na n-éifeachtaí ar cháilíocht uisce nuair atá tógáil agus oibriú ar siúl. Tá bearta maolúcháin molta san NIS a tíolacadh in éineacht leis an iarratas lena chinntiú go dtugtar aghaidh ar na tionchair ionchasacha go léir - i.e. lena chinntiú go gcoimeádtar cáilíocht an uisce ar bun i gCuan na Gaillimhe nuair atá tógáil agus oibriú ar siúl. Dá bhrí sin, mar thoradh ar chur i bhfeidhm na mbeart maolúcháin sin, ní bheidh forbairt SHD 18/7 ina cúis le haon éifeachtaí dochracha ar iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha.~~<br>~~De réir mar a cinneadh san NIS i leith an N6 GCRR, agus ag féachaint do na bearta maolúcháin a bhfuil mionsonraithe ann ina leith san NIS sin (féach Roinn 10 den NIS), ní dhéanfaidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha, lena n-áirítear cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh, ina haonar nó in éineacht le haon phleananna nó tionscadail eile.~~<br>~~Agus na bearta maolúcháin atá ann i ndáil le forbairt SHD 18/7 agus an straitéis mhaolúcháin a mholtar san NIS don N6 GCRR á gcur san áireamh, níl aon seans ann go dtiocfaidh aon éifeachtaí comhcheangailte chun cinn a dhéanfadh difear don chomhshaol glactha i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó i SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh nó a dhéanfadh difear dochrach d'iomláine~~ |

| **Plean/Tionscadal**<br>**Uimh. Thag.** | |
|---|---|
| | ~~aon cheann de na láithreáin Eorpacha.~~ |
| **SHD Bhóthar an Bhaile Bháin Mhóir**<br>**(306222-19)**<br>**(SHD 19/1)**<br><br>**DEONAÍODH** | Is é a bheidh i gceist le forbairt SHD 19/1 ná tógáil 102 aonad cónaithe, saoráid chúraim leanaí, saoráidí d'fheithiclí agus do choisithe, agus spás oscailte comhroinnte pobail agus príobháideach, tírdhreachú láithreáin, páirceáil gluaisteán, pointí luchtaithe feithiclí leictreacha, páirceáil rothar, seirbhísí agus na hoibreacha forbartha gaolmhara go léir ar an láithreán.<br>Tá an fhorbairt scoite amach ó aon láithreáin Eorpacha. Ach d'fhéadfadh sí, in éineacht leis an bhforbairt bhóthair atá beartaithe, difear a dhéanamh do cháilíocht an uisce i gCuan na Gaillimhe mar thoradh ar thruailliú timpisteach a dhéanann difear do cháilíocht an screamhuisce nó an uisce dromchla sa chomhshaol glactha nuair atá tógáil nó oibriú ar siúl.<br>Sa Ráiteas Tionchair Natura (NIS) a thíolaic an t-iarratasóir ar fhorbairt SHD 19/1, sainaithníodh go raibh cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh laistigh de chrios tionchair ionchasach na n-éifeachtaí ar cháilíocht uisce nuair atá tógáil agus oibriú ar siúl. Tá bearta maolúcháin molta san NIS a tíolacadh in éineacht leis an iarratas lena chinntiú go dtugtar aghaidh ar na tionchair ionchasacha go léir - i.e. lena chinntiú go gcoimeádtar cáilíocht an screamhuisce agus an uisce dromchla ar bun sa chomhshaol glactha nuair atá tógáil agus oibriú ar siúl. Dá bhrí sin, mar thoradh ar chur i bhfeidhm na mbeart maolúcháin sin, ní bheidh forbairt SHD 19/1 ina cúis le haon éifeachtaí dochracha ar iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha. Le linn an cead seo a dheonú i leith na forbartha seo, d'aontaigh an Bord Pleanála le torthaí agus le conclúidí an NIS agus thuarascáil na gcigirí agus tháinig sé ar an gconclúid nach ndéanfadh an fhorbairt atá beartaithe, ina haonar nó in éineacht le pleananna nó tionscadail eile, difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha.<br>De réir mar a cinneadh san NIS i leith an N6 GCRR, agus ag féachaint do na bearta maolúcháin a bhfuil mionsonraithe ann ina leith san NIS sin (féach Roinn 10 den NIS), ní dhéanfaidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha, lena n-áirítear cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh, ina haonar nó in éineacht le haon phleananna nó tionscadail eile.<br>Agus na bearta maolúcháin atá ann i ndáil le forbairt SHD 19/1 agus an straitéis mhaolúcháin a mholtar san NIS don N6 GCRR á gcur san áireamh, níl aon seans ann go dtiocfaidh aon éifeachtaí comhcheangailte chun cinn a dhéanfadh difear don chomhshaol glactha i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó i SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh nó a dhéanfadh difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha. |
| **Aonaid Chónaithe Chúil Each, Bóthar Chúil Each, Tír Oileáin**<br>**(306403-19, 306403-20)** | Is é a bheidh i gceist le forbairt SHD 18/9 ná forbairt tithíochta do mhic léinn, saoráidí pobail, páirceáil gluaisteán, oibreacha forbartha gaolmhara ar an láithreán, lena n-áirítear limistéir thírdhreachaithe, cóireáil teorainneacha, oibreacha draenála, soilsiúchán, seirbhísí láithreáin agus bonneagar,<br>Tá an fhorbairt atá beartaithe suite an-ghar do cSAC Loch Coirib (<60m) agus ~~tá sé de chumas aici~~ d'fhéadfadh sé, in éineacht leis an bhforbairt bhóthair atá beartaithe, difear a dhéanamh do cháilíocht an screamhuisce agus an uisce dromchla i cSAC Loch Coirib, |

| **Plean/Tionscadal**<br>**Uimh. Thag.** | |
|---|---|
| **(SHD 18/9)**<br><br>**DEONAÍODH** | agus do cháilíocht an screamhuisce agus an uisce dromchla i c SAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus i SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh.<br><br>~~Sa Ráiteas Tionchair Natura (NIS) a thíolaic an t-iarratasóir ar fhorbairt SHD 18/9, sainaithníodh go raibh cSAC Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh laistigh de chrios tionchair ionchasach na n-éifeachtaí ar cháilíocht screamhuisce agus uisce dromchla nuair atá tógáil agus oibriú ar siúl. Tá bearta maolúcháin molta san NIS a tíolacadh in éineacht leis an iarratas lena chinntiú go dtugtar aghaidh ar na tionchair ionchasacha go léir – i.e. lena chinntiú go gcoimeádtar cáilíocht an screamhuisce agus an uisce dromchla ar bun sa chomhshaol glactha nuair atá tógáil agus oibriú ar siúl. Dá bhrí sin, mar thoradh ar chur i bhfeidhm na mbeart maolúcháin sin, beidh, agus ní bheidh, forbairt SHD 18/9 ina cúis le haon éifeachtaí dochracha ar iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha.~~ Le linn cead a dheonú don fhorbairt seo, rinne an Bord Pleanála scagadh ar an togra maidir le Measúnacht Chuí, ghlac sé tuarascáil an Chigire, agus tháinig sé ar an gconclúid nár dhóigh go mbeadh éifeacht shuntasach ag an bhforbairt ar Láithreáin Eorpacha, ina haonar nó in éineacht le haon phlean nó tionscadal eile, agus nach bhfuil gá le Measúnacht Chuí.<br><br>De réir mar a cinneadh san NIS i leith an N6 GCRR, agus ag féachaint do na bearta maolúcháin a bhfuil mionsonraithe ann ina leith san NIS sin (féach Roinn 10 den NIS), ní dhéanfaidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha, lena n-áirítear cSAC Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh, ina haonar nó in éineacht le haon phleananna nó tionscadail eile.<br><br>Agus ~~na bearta maolucháin atá ann i ndáil le forbairt SHD 18/9~~cineál fhorbairt SHD 18/9 agus an straitéis mhaolúcháin a mholtar san NIS don N6 GCRR á gcur san áireamh, níl aon seans ann go dtiocfaidh aon éifeachtaí comhcheangailte chun cinn a dhéanfadh difear don chomhshaol glactha i cSAC Loch Coirib, i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó i SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh nó a dhéanfadh difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha. |
| ~~**Mainéar Chnoc Rois, Bóthar Chnoc Rois**~~<br>~~**SHD**~~<br>~~**(306413-19)**~~<br>~~**(SHD 19/2)**~~<br><br>**DIÚLTAÍODH** | ~~Is é a bheidh i gceist le SHD 19/2 ná tógáil aonad cónaithe, spás pobail ar an mbunurlár, oifig, caifé agus aonaid mhiondíola, saoráid chúraim leanaí, tírdhreachú an fhearainn phoiblí, naisc do choisithe, do rothaithe agus d'fheithiclí ar fud na forbartha, bóthar rochtana agus feabhsuithe ar acomhail, seirbhísí gaolmhara uisce dromchla agus draenála uisce bhréin, agus na hoibreacha uile gaolmhara agus na seirbhísí uile foghabhálacha ar an láithreán.~~<br><br>~~Ós rud é go bhfuil an fhorbairt suite go díreach in aice le cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh, d'fhéadfadh sí, in éineacht leis an bhforbairt bhóthair atá beartaithe, difear a dhéanamh do cháilíocht an uisce i gCuan na Gaillimhe nuair atá an tógáil ar siúil agus mar thoradh ar éifeachtaí ar dhobharchúnna mar gheall ar shuaitheadh.~~<br><br>~~Sa Ráiteas Tionchair Natura (NIS) a thíolaic an t-iarratasóir ar fhorbairt 19/2, sainaithníodh go raibh cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh laistigh de chrios tionchair ionchasach na n-éifeachtaí ar cháilíocht uisce, agus na~~ |

| Plean/Tionscadal<br>Uimh. Thag. | |
|---|---|
| | ~~n-éifeachtaí mar gheall ar shuaitheadh, nuair atá tógáil agus oibriú ar siúl. Tá bearta maolúcháin molta san NIS a tíolacadh in éineacht leis an iarratas lena chinntiú go dtugtar aghaidh ar na tionchair ionchasacha go léir - i.e. lena chinntiú go gcoimeádtar cáilíocht an uisce ar bun i gCuan na Gaillimhe nuair atá tógáil agus oibriú ar siúl agus go ndéantar suaitheadh atá bainteach le tógáil a íoslaghdú. Dá bhrí sin, mar thoradh ar chur i bhfeidhm na mbeart maolúcháin sin, ní bheidh forbairt SHD 19/2 ina cúis le haon éifeachtaí dochracha ar iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha.~~<br><br>~~De réir mar a cinneadh san NIS i leith an N6 GCRR, agus ag féachaint do na bearta maolúcháin a bhfuil mionsonraithe ann ina leith san NIS sin (féach Roinn 10 den NIS), ní dhéanfaidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha, lena n-áirítear cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh, ina haonar nó in éineacht le haon phleananna nó tionscadail eile.~~<br><br>~~Agus na bearta maolúcháin atá ann i ndáil le forbairt 19/2 agus an straitéis mhaolúcháin a mholtar san NIS don N6 GCRR á gcur san áireamh, níl aon seans ann go dtiocfaidh aon éifeachtaí comhcheangailte chun cinn a dhéanfadh difear don chomhshaol glactha i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó i SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh nó a dhéanfadh difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha.~~ |
| **Bóthar Leitrí, Ráthún**<br>**SHD**<br>**(304345-19)**<br>**(SHD 18/5)** | Cuimsíonn forbairt SHD 18/5 tógáil 101 aonad cónaithe, saoráid chúraim leanaí, saoráid do thionóntaí ar an taobh istigh, agus spás oscailte pobail agus príobháideach, páirceáil gluaisteán, tírdhreachú an láithreáin, seirbhísí, rochtain ar Bhóthar Leitrí, agus na hoibreacha forbartha gaolmhara go léir ar an láithreán.<br><br>Tá an fhorbairt scoite amach ó aon láithreáin Eorpacha. Ach d'fhéadfadh sí, in éineacht leis an bhforbairt bhóthair atá beartaithe, difear a dhéanamh do cháilíocht an uisce in Abhainn na Gaillimhe agus i gCuan na Gaillimhe mar thoradh ar sceitheadh uisce isteach sa talamh nuair atá tógáil agus oibriú ar siúl agus mar thoradh ar sceitheadh uisce bhréin isteach sa ghréasán poiblí uisce bhréin a théann isteach i gCuan na Gaillimhe sa deireadh tar éis é a chóireáil i nGléasra Cóireála Dramhuisce na Gaillimhe ar Inis Caorach.<br><br>Sa Ráiteas Tionchair Natura (NIS) a thíolaic an t-iarratasóir ar fhorbairt SHD 18/5, sainaithníodh go raibh cSAC Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh laistigh de chrios tionchair ionchasach na n-éifeachtaí ar cháilíocht uisce nuair atá tógáil agus oibriú ar siúl. Tá bearta maolúcháin molta san NIS a tíolacadh in éineacht leis an iarratas lena chinntiú go dtugtar aghaidh ar na tionchair ionchasacha go léir - i.e. lena chinntiú go gcoimeádtar cáilíocht an uisce ar bun in Abhainn na Gaillimhe, agus síos an sruth i gCuan na Gaillimhe, nuair atá tógáil agus oibriú ar siúl. Dá bhrí sin, mar thoradh ar chur i bhfeidhm na mbeart maolúcháin sin, ní bheidh forbairt SHD 18/5 ina cúis le haon éifeachtaí dochracha ar iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha.<br><br>Rinne an Bord Pleanála Measúnacht Chuí i leith fhorbairt SHD 18/5 agus, mar thoradh ar an measúnacht sin, thángthas ar an gconclúid nach ndéanfadh an fhorbairt atá beartaithe, ina haonar nó in éineacht le haon phleananna nó tionscadail eile (lena n-áirítear |

| **Plean/Tionscadal Uimh. Thag.** | |
|---|---|
| | an N6 GCRR atá beartaithe, arna mheasúnú san NIS), agus ag féachaint do na bearta maolúcháin atá leagtha amach ag an iarratasóir ina NIS, difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha.<br><br>De réir mar a cinneadh san NIS i leith an N6 GCRR, agus ag féachaint do na bearta maolúcháin a bhfuil mionsonraithe ann ina leith san NIS sin (féach Roinn 10 den NIS), ní dhéanfaidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha, lena n-áirítear cSAC Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh, ina haonar nó in éineacht le haon phleananna nó tionscadail eile.<br><br>Agus na bearta maolúcháin atá ann i ndáil le forbairt SHD 18/5 agus an straitéis mhaolúcháin a mholtar san NIS don N6 GCRR á gcur san áireamh, níl aon seans ann go dtiocfaidh aon éifeachtaí comhcheangailte chun cinn a dhéanfadh difear don chomhshaol glactha i cSAC Loch Coirib, i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó i SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh nó a dhéanfadh difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha. |
| **SHD Bhóthar Bhaile an Mhóinín Thoir**<br><br>**(304762-19)**<br><br>**(SHD 18/4)** | Cuimsíonn forbairt SHD 18/4 teach agus foirgnimh sheachtracha atá ar an láithreán faoi láthair a scartáil, 238 n-aonad cónaithe, saoráid crèche/saoráid phobail a thógáil, dhá aonad miondíola a fhorbairt agus spás oscailte pobail agus príobháideach a sholáthar, páirceáil gluaisteán agus rothar, tírdhreachú an láithreáin agus soilsiúchán poiblí, seirbhísí, rochtain ar Bhóthar Bhaile an Mhóinín agus na hoibreacha forbartha gaolmhara go léir ar an láithreán.<br><br>Tá an fhorbairt scoite amach ó aon láithreáin Eorpacha. Ach d'fhéadfadh sí, in éineacht leis an bhforbairt bhóthair atá beartaithe, difear a dhéanamh do cháilíocht an uisce i gCuan na Gaillimhe mar thoradh ar an seans go dtarlóidh truailliú nuair atá tógáil agus oibriú ar siúl (ós rud é go ndéantar draenáil ón gceantar áitiúil isteach i Sruthán Thóin na Brocaí a shreabhann isteach i gCuan na Gaillimhe) agus mar thoradh ar sceitheadh uisce bhréin isteach sa ghréasán poiblí uisce bhréin a théann isteach i gCuan na Gaillimhe sa deireadh tar éis é a chóireáil i nGléasra Cóireála Dramhuisce na Gaillimhe ar Inis Caorach.<br><br>Sa Ráiteas Tionchair Natura (NIS) a thíolaic an t-iarratasóir ar fhorbairt SHD 18/4, sainaithníodh go raibh cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh laistigh de chrios tionchair ionchasach na n-éifeachtaí ar cháilíocht uisce nuair atá tógáil agus oibriú ar siúl. Tá bearta maolúcháin molta san NIS a tíolacadh in éineacht leis an iarratas lena chinntiú go dtugtar aghaidh ar na tionchair ionchasacha go léir - i.e. lena chinntiú go gcoimeádtar cáilíocht an uisce ar bun i Sruthán Thóin na Brocaí in aice láimhe chun éifeachtaí ar cháilíocht an uisce i gCuan na Gaillimhe a sheachaint nuair atá tógáil agus oibriú ar siúl. Dá bhrí sin, mar thoradh ar chur i bhfeidhm na mbeart maolúcháin sin, ní bheidh forbairt SHD 18/4 ina cúis le haon éifeachtaí dochracha ar iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha.<br><br>Rinne an Bord Pleanála Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí i leith fhorbairt SHD 18/4 agus, mar thoradh ar an measúnacht sin, thángthas ar an gconclúid nár dhóigh go mbeadh éifeacht shuntasach ag an bhforbairt atá beartaithe, ina haonar nó in éineacht le haon phleananna nó tionscadail eile (lena n-áirítear an N6 GCRR atá beartaithe, arna mheasúnú san NIS), ar aon láithreáin Eorpacha agus |

| **Plean/Tionscadal<br>Uimh. Thag.** | |
|---|---|
| | nach raibh gá le Measúnacht Chuí.<br>De réir mar a cinneadh san NIS i leith an N6 GCRR, agus ag féachaint do na bearta maolúcháin a bhfuil mionsonraithe ann ina leith san NIS sin (féach Roinn 10 den NIS), ní dhéanfaidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha, lena n-áirítear cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh, ina haonar nó in éineacht le haon phleananna nó tionscadail eile.<br>Agus na bearta maolúcháin atá ann i ndáil le forbairt SHD 18/4 agus an straitéis mhaolúcháin a mholtar san NIS don N6 GCRR á gcur san áireamh, níl aon seans ann go dtiocfaidh aon éifeachtaí comhcheangailte chun cinn a dhéanfadh difear don chomhshaol glactha i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó i SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh nó a dhéanfadh difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha. |
| **CrownSquare, Bóthar Mhuine Mheá &Joyce's Road, An Baile Bán SHD**<br>**(304928-19)**<br>**(SHD 18/6)** | Cuimsíonn forbairt SHD 18/6 tógáil 288 leithlann agus forbairtí de chineál neamhchónaitheach agus tráchtála.<br>Tá an fhorbairt scoite amach ó aon láithreáin Eorpacha. Ach d'fhéadfadh sí, in éineacht leis an bhforbairt bhóthair atá beartaithe, difear a dhéanamh do cháilíocht an uisce i gCuan na Gaillimhe mar thoradh ar an seans do dtarlóidh truailliú an screamhuisce nó an uisce dromchla nuair atá tógáil nó oibriú ar siúl agus mar thoradh ar sceitheadh uisce bhréin isteach sa ghréasán poiblí uisce bhréin a théann isteach i gCuan na Gaillimhe sa deireadh tar éis é a chóireáil i nGléasra Cóireála Dramhuisce na Gaillimhe ar Inis Caorach.<br>Sa Ráiteas Tionchair Natura (NIS) a thíolaic an t-iarratasóir ar fhorbairt SHD 18/6, sainaithníodh go raibh cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh laistigh de chrios tionchair ionchasach na n-éifeachtaí ar cháilíocht uisce nuair atá tógáil agus oibriú ar siúl. Tá bearta maolúcháin molta san NIS a tíolacadh in éineacht leis an iarratas lena chinntiú go dtugtar aghaidh ar na tionchair ionchasacha go léir - i.e. lena chinntiú go gcoimeádtar cáilíocht an screamhuisce agus an uisce dromchla ar bun chun éifeachtaí ar cháilíocht an uisce i gCuan na Gaillimhe a sheachaint nuair atá tógáil agus oibriú ar siúl. Dá bhrí sin, mar thoradh ar chur i bhfeidhm na mbeart maolúcháin sin, ní bheidh forbairt SHD 18/6 ina cúis le haon éifeachtaí dochracha ar iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha.<br>Rinne an Bord Pleanála Measúnacht Chuí i leith fhorbairt SHD 18/6 agus, mar thoradh ar an measúnacht sin, thángthas ar an gconclúid nach ndéanfadh an fhorbairt atá beartaithe, ina haonar nó in éineacht le haon phleananna nó tionscadail eile (lena n-áirítear an N6 GCRR atá beartaithe, arna mheasúnú san NIS), agus ag féachaint do na bearta maolúcháin atá leagtha amach ag an iarratasóir ina NIS, difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha.<br>De réir mar a cinneadh san NIS i leith an N6 GCRR, agus ag féachaint do na bearta maolúcháin a bhfuil mionsonraithe ann ina leith san NIS sin (féach Roinn 10 den NIS), ní dhéanfaidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha, lena n-áirítear cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh, ina haonar nó in éineacht le haon phleananna nó tionscadail eile. |

| **Plean/Tionscadal<br>Uimh. Thag.** | |
|---|---|
| | Agus na bearta maolúcháin atá ann i ndáil le forbairt SHD 18/6 agus an straitéis mhaolúcháin a mholtar san NIS don N6 GCRR á gcur san áireamh, níl aon seans ann go dtiocfaidh aon éifeachtaí comhcheangailte chun cinn a dhéanfadh difear don chomhshaol glactha i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó i SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh nó a dhéanfadh difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha. |
| **An Daingean, an Caisleán Nua Uachtarach. Cóiríocht do mhic léinn. (301693-18)**<br>**(SHD 18/1)** | Cuimsíonn forbairt SHD 18/1 láithreán láithreach Óstán Westwood sa Daingean, an Caisleán Nua Uachtarach, Gaillimh, a athfhorbairt i leith scéim cóiríochta do mhic léinn.<br>Tá forbairt SHD 18/1 á tógáil faoi láthair agus ní fada go gcríochnófar í. I bhfianaise chineál SHD 18/1 agus i bhfianaise a shuímh atá scoite amach ó aon láithreán Eorpach, agus ós rud é go gcuirfear an tógáil i gcrích tamall maith roimh chur i gcrích N6 GCRR, níl aon seans ann go dtarlóidh éifeachtaí comhcheangailte nuair atá an tógáil ar siúl ná go mbeidh éifeachtaí comhcheangailte ann nuair atá oibriú ar siúl.<br>De réir mar a cinneadh san NIS i leith an N6 GCRR, agus ag féachaint do na bearta maolúcháin a bhfuil mionsonraithe ann ina leith san NIS sin (féach Roinn 10 den NIS), ní dhéanfaidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha, ina haonar nó in éineacht le haon phleananna nó tionscadail eile.<br>Agus an straitéis mhaolúcháin a mholtar san NIS don N6 GCRR á cur san áireamh, níl aon seans ann go dtiocfaidh aon éifeachtaí comhcheangailte chun cinn a dhéanfadh difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha. |
| **NUIG, An Campas Thuaidh, an Daingean**<br>**(303846-19)**<br>**(SHD 18/3)** | Cuimsíonn forbairt SHD 18/3 scéim cóiríochta do mhic léinn a fhorbairt, ar scéim í ina n-áirítear 125 leithlann, limistéir chomhchoiteanna agus saoráidí comhchoiteanna.<br>Tá an fhorbairt scoite amach ó aon láithreáin Eorpacha. Ach tá an fhorbairt suite díreach in aice le cSAC Loch Coirib agus d'fhéadfadh sí, in éineacht leis an bhforbairt bhóthair atá beartaithe, mar thoradh ar an seans do dtarlóidh truailliú an screamhuisce nó an uisce dromchla, difear a dhéanamh do cháilíocht an uisce áitiúil, do cháilíocht an uisce dromchla in Abhainn na Gaillimhe agus síos a sruth i gCuan na Gaillimhe nuair atá tógáil nó oibriú ar siúl agus mar thoradh ar sceitheadh uisce bhréin isteach sa ghréasán poiblí uisce bhréin a théann isteach i gCuan na Gaillimhe sa deireadh tar éis é a chóireáil i nGléasra Cóireála Dramhuisce na Gaillimhe ar Inis Caorach.<br>Sa Ráiteas Tionchair Natura (NIS) a thíolaic an t-iarratasóir ar fhorbairt SHD 18/3, sainaithníodh go raibh cSAC Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh laistigh de chrios tionchair ionchasach na n-éifeachtaí ar cháilíocht uisce nuair atá tógáil agus oibriú ar siúl. Tá bearta maolúcháin molta san NIS a tíolacadh in éineacht leis an iarratas lena chinntiú go dtugtar aghaidh ar na tionchair ionchasacha go léir - i.e. lena chinntiú go gcoimeádtar cáilíocht an screamhuisce agus an uisce dromchla ar bun chun éifeachtaí ar an screamhuisce áitiúil agus ar cháilíocht an uisce dromchla in Abhainn na Gaillimhe agus i gCuan na Gaillimhe a sheachaint nuair atá tógáil agus oibriú ar siúl. Dá bhrí sin, mar thoradh ar chur i bhfeidhm na mbeart |

| **Plean/Tionscadal**<br>**Uimh. Thag.** | |
|---|---|
| | maolúcháin sin, ní bheidh forbairt SHD 13/3 ina cúis le haon éifeachtaí dochracha ar iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha.<br>Rinne an Bord Pleanála Measúnacht Chuí i leith fhorbairt SHD 18/3 agus, mar thoradh ar an measúnacht sin, thángthas ar an gconclúid nach ndéanfadh an fhorbairt atá beartaithe, ina haonar nó in éineacht le haon phleananna nó tionscadail eile (lena n-áirítear an N6 GCRR atá beartaithe, arna mheasúnú san NIS), agus ag féachaint do na bearta maolúcháin atá leagtha amach ag an iarratasóir ina NIS, difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha.<br>De réir mar a cinneadh san NIS i leith an N6 GCRR, agus ag féachaint do na bearta maolúcháin a bhfuil mionsonraithe ann ina leith san NIS sin (féach Roinn 10 den NIS), ní dhéanfaidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha, lena n-áirítear cSAC Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh, ina haonar nó in éineacht le haon phleananna nó tionscadail eile.<br>Agus na bearta maolúcháin atá ann i ndáil le forbairt SHD 18/3 agus an straitéis mhaolúcháin a mholtar san NIS don N6 GCRR á gcur san áireamh, níl aon seans ann go dtiocfaidh aon éifeachtaí comhcheangailte chun cinn a dhéanfadh difear don chomhshaol glactha i cSAC Loch Coirib, i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó i SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh nó a dhéanfadh difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha. |
| **20/46**<br>**Bóthar Mhionchluana/An Chlaí Bháin agus MincloonCross, Gaillimh**<br><br>**IARRAIDH FI** | Tá cead pleanála á lorg chun forbairt ina bhfuil 77 n-aonad cónaithe a chur i gcrích, ar forbairt í ina gcuimseofar leasuithe agus modhnuithe ar chead pleanála 14/248 a deonaíodh roimhe seo (Tag. an Bhoird Pleanála: PL 61.245292). Ní raibh aon tuarascálacha Measúnachta Cuí ag gabháil leis an iarratas bunaidh ná leis an iarratas seo ina bhfuiltear ag iarraidh leasú a dhéanamh ar an iarratas bunaidh a ceadaíodh. Tá an fhorbairt scoite amach ó aon láithreáin Eorpacha.<br>De réir mar a cinneadh san NIS i leith an N6 GCRR, agus ag féachaint do na bearta maolúcháin a bhfuil mionsonraithe ann ina leith san NIS sin (féach Roinn 10 den NIS), ní dhéanfaidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha, lena n-áirítear cSAC Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh, ina haonar nó in éineacht le haon phleananna nó tionscadail eile.<br>Agus cineál agus suíomh fhorbairt 245292/20/46, a mhéid atá sí scoite amach ó aon Láithreáin Eorpacha, agus an straitéis mhaolúcháin a mholtar san NIS don N6 GCRR á gcur san áireamh, níl aon seans ann go dtiocfaidh aon éifeachtaí comhcheangailte chun cinn a dhéanfadh difear don chomhshaol glactha i cSAC Loch Coirib, i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó i SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh nó a dhéanfadh difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha. |
| **20/83 (Bóthar Stiofáin, Ráthún)** | Tá cead pleanála á lorg chun déanmhais íoslaigh áirithe ar an láithreán a scartáil, mar aon le inlíonadh gaolmhar a dhéanamh agus bloc leithlann 4 stór/18 n-aonad a thógáil. Tá an fhorbairt scoite amach ó aon láithreáin Eorpacha. Rinneadh tuarascáil scagtha le haghaidh Measúnacht Chuí a thíolacadh in éineacht leis an iarratas pleanála agus, sa tuarascáil sin, thángthas ar an gconclúid nach bhfuil aon seans ann go mbeidh an fhorbairt atá beartaithe ina cúis le haon éifeachtaí suntasacha ar aon láithreáin Eorpacha, ina |

| **Plean/Tionscadal**<br>**Uimh. Thag.** | |
|---|---|
| **IARRAIDH FI** | haonar nó in éineacht le haon phleananna nó tionscadail eile.<br>De réir mar a cinneadh san NIS i leith an N6 GCRR, agus ag féachaint do na bearta maolúcháin a bhfuil mionsonraithe ann ina leith san NIS sin (féach Roinn 10 den NIS), ní dhéanfaidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha, lena n-áirítear cSAC Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh, ina haonar nó in éineacht le haon phleananna nó tionscadail eile.<br>Agus torthaí na tuarascála scagtha le haghaidh Measúnachta Cuí a tíolacadh in éineacht leis an iarratas ar phleanáil 20/83, a mhéid atá an fhorbairt scoite amach ó aon Láithreáin Eorpacha, agus an straitéis mhaolúcháin a mholtar san NIS don N6 GCRR á gcur san áireamh, níl aon seans ann go dtiocfaidh aon éifeachtaí comhcheangailte chun cinn a dhéanfadh difear don chomhshaol glactha i cSAC Loch Coirib, i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó i SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh nó a dhéanfadh difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha. |
| **20/101**<br>**Cnoc na Cathrach**<br><br>**IARRAIDH FI** | Tá cead pleanála á lorg chun stáisiún seirbhíse peitril, siopa, umair ghaolmhara agus tithe atá ann faoi láthair a scartáil, agus chun forbairt nua úsáide measctha a thógáil, lena n-áirítear foirgneamh leithlann 3 stór/17 n-aonad agus aonad oifigí tráchtála. Níl aon tuarascálacha i dtaca le Measúnacht Chuí ann in éineacht leis an iarratas pleanála.<br>De réir mar a cinneadh san NIS i leith an N6 GCRR, agus ag féachaint do na bearta maolúcháin a bhfuil mionsonraithe ann ina leith san NIS sin (féach Roinn 10 den NIS), ní dhéanfaidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha, lena n-áirítear cSAC Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh, ina haonar nó in éineacht le haon phleananna nó tionscadail eile.<br>Agus cineál agus suíomh fhorbairt 20/101 agus an straitéis mhaolúcháin a mholtar san NIS don N6 GCRR á gcur san áireamh, níl aon seans ann go dtiocfaidh aon éifeachtaí comhcheangailte chun cinn a dhéanfadh difear don chomhshaol glactha i cSAC Loch Coirib, i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó i SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh nó a dhéanfadh difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha. |
| **QD0021**<br>**Leathnú Chairéal Chlaí an Dá Mhíle**<br><br>**DEONAÍODH** | Is é atá sa togra seo ná togra maidir le leathnú cairéil agus coinníoll ann maidir le hathbhunú an chairéil. Tá an láithreán scoite amach ó aon láithreáin Eorpacha. Rinne an Bord Pleanála Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí i leith an togra agus, mar thoradh ar an scagadh nach raibh gá le Measúnacht Chuí.<br>De réir mar a cinneadh san NIS i leith an N6 GCRR, agus ag féachaint do na bearta maolúcháin a bhfuil mionsonraithe ann ina leith san NIS sin (féach Roinn 10 den NIS), ní dhéanfaidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha, lena n-áirítear cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh, ina haonar nó in éineacht le haon phleananna nó tionscadail eile.<br>Á chur san áireamh gur chinn ABP nach mbeidh aon éifeacht shuntasach ag an gcairéal atá beartaithe ar aon láithreán Eorpach, agus |

| **Plean/Tionscadal**<br>**Uimh. Thag.** | |
|---|---|
| | an straitéis mhaolúcháin a mholtar san NIS don N6 GCRR á cur san áireamh, níl aon seans ann go dtiocfaidh aon éifeachtaí comhcheangailte chun cinn a dhéanfadh difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha. |
| **Measúnacht Chomhcheangailte ar na tionscadail agus na pleananna go léir thuas, cibé acu beo nó ceadaithe, a sainaithníodh ó thráth foilsithe an NIS agus ar Chairéal Chlaí an Dá Mhíle, in éineacht le N6 GCRR agus na tionscadail agus pleananna a breithníodh i Roinn 12 den NIS** | Maidir le tromlach na dtionscadal sa tábla thuas a measúnaíodh, sainaithníodh go raibh láithreáin Eorpacha ann laistigh den chrios ionchasach tionchair i dtaca le héifeachtaí nuair atá tógáil agus/nó oibriú ar siúl. Is iad na láithreáin Eorpacha atá i mbaol mar gheall ar éifeachtaí gnéithe áirithe de na tionscadail sin cSAC Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh. I ngach cás, tá bearta maolúcháin molta/á moladh lena chinntiú nach ndéanfaidh na tionscadail sin, ina n-aonar nó in éineacht le pleananna nó tionscadail eile, difear dochrach d'iomláine d'aon cheann de na láithreáin Eorpacha.<br>De réir mar a cinneadh san NIS i leith an N6 GCRR, agus ag féachaint do na bearta maolúcháin a bhfuil mionsonraithe ann ina leith san NIS sin (féach Roinn 10 den NIS), ní dhéanfaidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha, lena n-áirítear cSAC Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh, ina haonar nó in éineacht le haon phleananna nó tionscadail eile.<br>Agus na bearta maolúcháin atá ann i ndáil leis na forbairtí go léir a bhreithnítear thuas agus an straitéis mhaolúcháin a mholtar san NIS don N6 GCRR á gcur san áireamh, níl aon seans ann go dtiocfaidh aon éifeachtaí comhcheangailte chun cinn a dhéanfadh difear don chomhshaol glactha i cSAC Loch Coirib, i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó i SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh nó a dhéanfadh difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha.<br>Mar atá measúnaithe i Roinn 12 den NIS, níl aon seans ann go dtiocfaidh éifeachtaí dochracha ar iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha chun cinn mar thoradh ar an bhforbairt bhóthair atá beartaithe nuair a bhreithnítear í in éineacht le haon cheann, nó le gach ceann, de na pleananna nó de na tionscadail a breithníodh i dtosach báire mar chuid den mheasúnacht chomhcheangailte. Mar an gcéanna, níl aon seans ann go mbeidh éifeachtaí dochracha ar iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha mar thoradh ar an bhforbairt bhóthair atá beartaithe nuair a bhreithnítear í in éineacht le haon cheann, nó le gach ceann, de na tionscadail bhreise a mheasúnaítear sa doiciméad seo, lena n-áirítear nuair a bhreithnítear iad in éineacht leis na pleananna agus na tionscadail sin a measúnaíodh i dtosach báire san NIS.<br>Dá bhrí sin, ní dhéanfaidh an N6 GCRR difear dochrach d'iomláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha, ina aonar nó in éineacht le haon phleananna nó tionscadail eile. |